# **Space for Art** Sligo Arts Plan 2007–2012




## **Spás do na hEalaíona** Plean Ealaíona Shligigh 2007–2012

**Sligo Arts Service** County Council and Borough Council





# Contents

## Clár


| | |
|---|---|
| **Message from the Cathaoirleach of Sligo County Council**<br>Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae Shligigh | 5 |
| **Message from County Manager**<br>Teachtaireacht ón Bhainisteoir Contae | 5 |
| **Message from the Director of Community, Enterprise and the Arts**<br>Teachtaireacht ón Stiúrthóir um Fhiontar Pobail agus na hEalaíona | 5 |
| **Introduction by Arts Officer, Mary McAuliffe**<br>Réamhrá ó Mary McAuliffe, Oifigeach Ealaíona | 7 |
| **Mission Statement**<br>Ráiteas Misin | 11 |
| **Context for the Plan**<br>Comhthéacs an Phlean | 13 |

**The Plan 2007–2012**
An Plean 2007–2012

| | |
|---|---|
| **Guiding Principles**<br>Treoirphrionsabail | 15 |
| **Strategic Areas of Action**<br>Gníomhréimsí Straitéiseacha | 15 |
| **Strand 1: Arts, Culture and the Public Realm**<br>Snáithe 1: Na hEalaíona, an Cultúr agus an Réimse Poiblí | 17 |
| **Strand 2: Partnerships and Joint Actions**<br>Snáithe 2: Gníomhartha Comhpháirteacha agus Comhpháirtíochtaí | 21 |
| **Strand 3: The Artist**<br>Snáithe 3: An tEalaíontóir | 29 |
| **Strand 4: Professional Arts**<br>Snáithe 4: Na hEalaíona Proifisiúnta | 31 |
| **Strand 5: Amateur, Voluntary and Community Arts**<br>Snáithe 5: Na hEalaíona Amaitéarach, Deonach agus Pobail | 33 |
| **Strand 6: Children and Young People**<br>Snáithe 6: Leanaí agus Daoine Óga | 35 |
| **Strand 7: Housing the Arts**<br>Snáithe 7: Soláthar foirgintí do na hEalaíona | 37 |
| **Strand 8: Information, Advice and Research**<br>Snáithe 8: Faisnéis, Comhairle agus Taighde | 39 |
| **Treatment by Art-form**<br>Cóiriú de réir na nEalaíona Éagsúla | 41 |

**Appendices**
Aguisíní

| | | |
|---|---|---|
| Appendix 1 | Research and Consultation Process | 43 |
| Appendix 2 | Bibliography | 45 |
| Appendix 3 | Publications by Sligo Arts Service | 47 |







## Message from the Cathaoirleach

Sligo Arts Plan 2007–2012 is a key publication which will guide and inform the planning and delivery of our Arts Service and annual programmes over the next five years.

Publication of the plan follows an inclusive and wide-ranging consultation process. Individuals and groups with an interest in or affinity for the arts were provided with an opportunity to articulate their views and suggestions.

The Plan identifies eight strategic action areas which will be the key areas of focus for the development of the arts in County Sligo over the coming years. Through the publication of the plan Sligo County Council will lead and facilitate new investment and support for the arts for the betterment of artists, arts organisation and the practice of the arts in a wide range of social and community settings, across the generations in both the city and the county.

The learning derived from previous arts programmes has been crucial in informing the new plan, and it is hoped that its implementation will foster a greater appreciation and involvement in the arts in County Sligo.

—

**Councillor Seamus Kilgannon**
Cathaoirleach
Sligo County Council

## Message from the County Manager

A key theme in Space for Art is nurturing the imagination and creating opportunities for people to develop their talents. This will be critical in realising Sligo's ambition to become an attractive, vibrant city where people want to live and work. The Council recognise the important contribution that the arts and artists can make in advancing Sligo's reputation as a 'cultural' county.

Our growing population of artists of all disciplines are valued members of our community and can bring innovative thinking to the challenges and complexity of planning for modern life. Space for Art reinforces the Council's policy of encouraging artists to live and work in Sligo and the development of facilities to support their practice. A major capital development programme that will be realised in the lifetime of this plan is the Cultural Quarter and the completion of phase two of the Model::Niland redevelopment programme.

The Arts Plan sets out the Council's ambition for the arts over the next five years and I look forward to its implementation.

—

**Hubert Kearns**
Sligo County Manager

## Message from the Director of Community Enterprise and the Arts

Space for Art represents a watershed in arts development in Sligo city and county. The cross sector partnerships which have been put in place to mainstream programmes in arts and health and arts in education are the result of long term strategic planning by the Council. These programmes began as pilot projects initiated by Sligo Arts Service and their expansion, in this plan as structured services will increase levels of access in high quality participative arts for the people of Sligo.

It is particularly significant that Sligo Arts Service collaborated successfully with the County Development Board's *Social Inclusion Measures Commitee* (SIMS) in the establishment of these cross sector partnerships to meaningfully engage with issues of social inclusion and cultural diversity.

I wish Sligo Arts Service every success in delivering the plan and welcome the incoming Director of Community, Enterprise and the Arts, Rita McNulty.

—

**Declan Breen**
Director of Community, Enterprise and the Arts

**Access to the arts, education, culture and design will be key elements in the development of an environment that promotes diversity, creativity, tolerance and the exchange of ideas.**







# Introduction

**Space for Art is Sligo County Council's investment in the imagination and creativity of Sligo's people and its artists. As in the poem *My Room* by Patrick Kavanagh, the arts have the capacity to transform space, place, individual and collective experience. In *My Room* he describes a musty ten by twelve attic room with a low roof and bed in the centre that performs many functions from table to writing desk to a slumber palace…**

"But its little window
Lets in the stars."

**Space for Art is about nurturing the imagination…**

**The plan sets out an overall strategy for the development of the arts in the city and county, in accordance with the Arts Act 2003. Research and development for the plan commenced in the spring of 2006, followed by the formal consultation process which concluded in March 2007. Since then a diverse team of researchers, colleagues, members of the public and talented individuals have helped realise this project. On behalf of Cathaoirleach and members of Sligo County Council, I wish to thank the staff of the Arts Department, senior consultant to the arts plan, Martin Drury, participating artists and council officials for their cooperation, enthusiasm and generosity.**

**An important theme in the plan is the further integration of the arts and artists in local planning and development processes to maximise opportunities for the arts, arising from Sligo's designation as a 'Gateway' (*National Spatial Strategy*, 2002). Sligo's status as the premier economic gateway of the northwest region is leading to unprecedented levels of investment in the city and county. Implementation of the arts plan will thus coincide with a period of significant physical, social and environmental change. Equally important in this political and economic climate will be the development of a strong urban identity and culturally engaging programmes that are accessible to Sligo's growing and diverse population.**

**The specific potential of the arts to contribute to this changing environment and the wider development of Sligo is immense. Access to the arts, education, culture and design will be key elements in the development of an environment that promotes diversity, creativity, tolerance and the exchange of ideas. However, success requires that the arts are brought into the mainstream of policy making through more *'joined up thinking'* forging links between cultural, social, economic, education, tourism and environmental policies.**

## Réamhrá

**Infhéistiú Chomhairle Chontae Shligigh i samhlaíocht agus i gcruthaitheacht pobail agus ealaíontóirí Shligigh is ea *Spás don Ealaíon*. Mar atá sa dán, *My Room*, le Patrick Kavanagh, tá féidireacht sna healaíona chun idir spás, suíomh, agus an t-eispéireas aonair nó comhchoiteann a chlaochlú ó bhonn. Sa dán, *My Room*, cuireann an file síos ar sheomra múisiúnta deich dtroigh ar dó dhéag thuas sa lochta, le síleáil íseal agus leaba ilúsáide ina lár, ó bhord go deasc scríbhneoireachta go codladhphálás…**

**"But its little window
Lets in the stars."**

Is dírithe ar chothú na samhlaíochta sin atá an plean Spás don Ealaíon.

Leagann an plean amach stráitéis fhorchuimsitheach d'fhonn forbraíocht na n-ealaíona sa chathair agus sa chontae a chur chun cinn de réir Acht na nEalaíona 2003. Tagadh faoi thaighde agus fhorbairt an phlean in Earrach 2006; tháinig deireadh leis an bpróiseas foirmeálta comhairleach a lean é Mí Márta 2007. Ó shin chabhraigh raon ilgnéitheach daoine, idir taighdeoirí, comhleacaithe, baill den phobal agus indibhidí tréitheacha, chun an plean seo a chur i gcrích. Thar ceann Cathaoirligh agus bhaill Chomhairle Chontae Shligigh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Ealaíona, le príomh-chomhairleoir an phlean ealaíona, Martin Drury, leis na healaíontóirí rannpháirteacha agus le hoifigigh chomhairle as ucht a gcomhoibrithe, a ndíograis agus a mórchroí.

Téama tábhachtach sa phlean is ea na healaíona agus ealaíontóirí a chuimsiú i bpróisis phleanála agus fhorbartha d'fhonn na deiseanna a eascrann as ainmniúchán Shligigh mar 'Bhealach Isteach' sa Straitéis Spásúil Náisiúnta (2002) a thapú. Tugann stádas Shligigh mar phríomh-bhealach agus foinse eacnamaíochta an réigiúin Iarthuaidh deis ar infheistiú gan eiseamláir sa chathair agus sa chontae. Tagann feidhmiú an phlean in aon am le tréimhse mórathruithe fisiciúil, sóisialta agus comhshaoil. Is den tábhacht é go bhforbródh Sligeach féiniúlacht uirbeach láidir san aeráid reatha polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta seo chomh maith le cláracha taitneamhacha cultúrtha a bheidh ar fáil do dhaonra forásach ilchineálach.

Tá póitéinseal ollmhór ag na healaíona cur leis na hathruithe sa timpeallacht agus le leathan-fhorbraíocht Shligigh. Beidh ionrochtain ar na healaíona, ar oideachas, ar chultúr agus ar dhea-dhearadh ina bpríomheilimintí i bhforbraíocht timpeallachta a chuireann ilchineálacht, cruithaitheacht, caonfhulaingt agus malartú smaointe chun cinn. Braitheann an toradh áfach ar na healaíona a bheith ina gcuid lárnach den bhforbairt beartas, trí '*smaoineamh nascaithe*' nó an phleanáil chomhtháite, agus trí nascanna a chothú idir na polasaithe uile, cultúrtha, sóisialta, eacnamaíoch, oideachais, turasóireachta agus chomhshaoil.

# Sligo Arts Service continues to place the people of Sligo at the heart of their plans







**A hallmark of Sligo Arts Service is its commitment to identifying critical gaps in arts provision and to designing actions or services to address those gaps. The new plan continues this developmental commitment with innovative approaches to tackle issues raised in the consultation process ranging from audience development to building supportive networks.**

**New initiatives to address these issues include the establishment of five Arts Development Partnerships with Blue Raincoat Theatre Company, Ceolaras Coleman, Sligo Art Gallery, the Model Arts::Niland Gallery and the Hawk's Well Theatre. These strategic partnerships will result in the expansion of arts services in the county and to development of new opportunities for high quality artistic experiences and programmes for the public of Sligo.**

**As a public service arts provider Sligo Arts Service continues to place the needs of the people of Sligo at the heart of the plan. Since its inception, in order to meaningfully engage with issues of cultural exclusion and marginalisation, Sligo Arts Service has led long-term strategic processes targeting in particular the key areas of *arts and health* and *music education*.**

**It is therefore highly significant that in the implementation of this arts plan this body of work will be mainstreamed, and delivered through structured supports for the arts within the health and education systems, overseen by formal cross-sector partnerships.**

**The 2007–2012 Sligo Arts Plan is *strategic* in nature. It is not simply a menu of intended programmes, services and actions. Instead it is a consultation-informed, policy-driven strategy that identifies key actions to be taken by Sligo Arts Service, acting solely or with others. The actions identified take account of needs and priorities, and of capacity in terms of financial and other resources.**

**Mary McAuliffe**
Arts Officer

Is sainmharc de chuid Seirbhíse Ealaíona Shligigh bearnaí criticiúla i soláthar na n-ealaíona a shainaithint agus seirbhísí nó gníomhartha a rachadh i ngleic leis na bearnaí úd a cheapadh. Sa phlean nua, leantar leis an meon forbartha seo trí mhodhanna nuálacha chun tabhairt faoi cheisteanna a ardaíodh le linn an phróisis chomhairligh, ó fhorbraíocht lucht féachana go cothú líonraí tacaíochta. Ar na modhanna nua chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo tá bunú cúig Pháirtnéireachtaí i bhForbraíocht na nEalaíona: le Comhlacht Amharclannaíochta Blue Raincoat, le Ceoláras Coleman, le Áiléir Shligigh, le Áiléir Model Arts::Niland agus le Amharclann Hawk's Well. Deimhneoidh na comhpháirtíochtaí straitéiseacha seo forleathnú maidir le seirbhísí ealaíona an chontae agus forbróidh siad deiseanna nua i dtaca le eispéireas agus cláracha ealaíonta den scoth do phobal Shligigh.

Mar sholáthróir ealaíon sa réimse poiblí, déanann Seirbhís Ealaíona Shligigh riachtanais phobal Shligigh a chur i gcroílár an phlean. Is é uaillmhian Sheirbhís Ealaíona Shligigh aghaidh a thabhairt le héifeacht ar cheisteanna ar nós teorannú agus eisiamh cultúrtha. Ó bunaíodh í, dá réir, chuir sí roimpi próisis straitéiseacha fhadtéarmacha a thúsú sna réimsí lárnacha, *na healaíona agus an tsláinte* agus *ceoloideachas*. Tá sé rí-thábhachtach dá bhrí sin, le feidhmiú an phlean ealaíona, go ndéanfar lársruthú ar an obair seo trí thacaíochtaí struchtúrtha do na healaíona sna córais sláinte agus oideachais a fheidhmiú. Déanfar maoirseoireacht ar an obair le comhpháirtíochtaí foirmeálta tras-rannóg.

Is Plean straitéiseach é Plean Ealaíona Shligigh 2007–2012. Mar sin ní clár nó liosta amháin é de chláracha le bheith, nó de sheirbhísí agus de ghníomhartha. Is straitéis bunaithe ar chomhairliúchán agus ar bheartas é a thugann sainaitheantas do na gníomhartha ar gá do Sheirbhís Ealaíona Shligigh iad a chur i gcrích, ina n-aonar nó i gcomhpháirtíocht le dreamanna eile. Tugann na gníomhartha sainaitheanta seo aird ar riachtanais is ar thosaíochtaí chomh maith le acmhainní, idir airgeadas agus eile.

Mary McAuliffe
Oifigeach Ealaíona







# Mission Statement

**On behalf of the Sligo Local Authorities, Sligo Arts Service will continue to develop the arts in the city and county of Sligo, so that the distinctive contribution of the arts to people's lives is fostered. Sligo Arts Service will make available high-quality experiences across the arts to the benefit of Sligo's citizens, visitors and artists. Employing a range of support mechanisms and working with a variety of partners, Sligo Arts Service will ensure that Sligo's long-standing reputation as a 'cultural county' is secured and built upon.**

**Raiteas Misin**

Leanfaidh Seirbhís Ealaíona Shligigh le forbairt na n-ealaíona i Shligeach, idir chathair agus chontae, thar ceann Údaráis Áitiúla Shligigh ar bhealach a gcuirfidh sainiúlacht na n-ealaíona go mór le saol na ndaoine. Soláthróidh Seirbhís Ealaíona Shligigh eispéireas den scoth thar na healaíona uile chun leasa cách i Sligeach, saoránaigh, cuairteoirí agus ealaíontóirí.

Cinnteoidh Seirbhís Ealaíona Shligigh neartú agus daingeanú ar chlú buan Shligigh mar 'chontae cultúrtha', trí mheán raon de shásraí tacaíochta agus comhoibriú le páirtnéirí ilchineáil.

**Central to the ethos of the plan are the themes; *Developing*, *Supporting*, *Prioritising* and *Providing*, for the Arts in Sligo. These themes inform the strategy and proposals of each of the eight Strands.**








# Context

## Comhthéacs an Phlean

**This new arts plan arises in the context of significant achievement in the arts in Sligo by a wide range of individuals and organisations over an extended period. Whether measured in the millennia of archaeology, the centuries of history, or the decades of the recent past, Sligo has exceptional reason to be proud of its cultural identity. Tradition, of course, is a living thing, and in the creation of modern Ireland countless individuals, amateur organisations and professional artists, in or from Sligo, have achieved excellence and distinction.**

**More recently, the establishment of an Arts Office (now Sligo Arts Service) in 1997 within the framework of Sligo County Council and Sligo Borough Council has lent impetus to the strategic development of the arts within the county.**

**The initial Arts Office Programme Placing Art (1997–2001) and the subsequent first Sligo Arts Plan: The Brightening Air (2002–2005) identified agendas for action that influenced the development of the current arts plan. Such recent arts planning in the local context sits within the wider national arts policy and planning framework represented most recently by the Arts Council's Partnership For The Arts (2006–2008) and the Arts Act 2003.**

**Another context which informed the new Sligo arts plan is one that is both present and future-oriented: the designation of Sligo as a 'Gateway' in the National Spatial Strategy (2002–2020) and indeed the wider context of the National Development Plan (2007–2013). These broad national frameworks, in conjunction with the Sligo County Development Board Action Plan for Economic, Social and Cultural Development (2006–2008) and the Corporate Plan for Sligo Local Authorities (2004–2009), combine to offer a positive context for the development of the arts within a wider social, economic and cultural frame of reference.**

Tagann an plean nua ealaíona seo i gcomhthéacs éachtanna tábhachtacha agus dul chun cinn sna healaíona i Sligeach de thoradh saothair thar thréimhse fada ó raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Tá cúiseanna sonracha ann go mbeadh muintir Shligigh bródúil as a bhféiniúlacht chultúrtha, bíodh sin áiríthe sna mílte bliain den seandálaíocht, sna céadta bliain den stair nó sna blianta deireanacha seo. Is rud beo é gan amhras an traidisún, agus i gcruthú na hÉireann mar thír nua-aimseartha is mó duine aonair, eagras amaitéarach agus ealaíontóir proifisiúnta, bídis ó Shligeach nó ag saothrú ann, a bhain gradam agus barr feabhais amach.

Le blianta beaga anuas, thug bunú na hOifige Ealaíona (ar a dtugtar Seirbhís Ealaíona Shligigh anois) i 1997, laistigh de Chomhairle Contae Shligigh agus de Chomhairle Buirge Shligigh, spreagadh d'fhorbraíocht straitéiseach na n-ealaíona sa chontae.

Dhéan an chéad chlár ón Oifig Ealaíona, An Ealaíon agus Timpeallacht (1997–2001) agus an plean a lean, an Chéad Phlean Ealaíona do Shligeach: An tAer a Lasann (2002–2005), cláracha oibre a shainaithint a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbraíocht an phlean éalaíona reatha. An fhorbraíocht ealaíon is déanaí seo sa chomhthéacs áitiúil, is cuid é den pholasaí ealaíona agus den chreatlach pleanála náisiúnta, mar a léirítear sa chlár Comhpháirtíochtaí do na hEalaíona (2006–2008) ón gComhairle Ealaíon agus in Acht na nEalaíon 2003.

Tá dlúthbhaint ag an am faoi láthair agus ag an todhchaí leis an gcomhthéacs eile a chuaigh i gcion ar phlean nua ealaíona Shligigh. Is é sin ainmniúchán Shligigh mar 'Bhealach Isteach' sa Straitéis Spásúil Náisiúnta (2002–2020). Cuireann an Plean Forbraíochta Náisiúnta (2007–2013) an plean áitiúil i gcomhthéacs níos leithne fós. Deimhníonn na creatlaigh náisiúnta leathana seo, maraon le Plean Gnímh Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha Bhord Forbraíochta Chontae Shligigh (2006–2008) agus Plean Corporáideach Chomhairlí Áitiúla Shligigh (2004–2009), comhthéacs dearfach d'fhorbraíocht na n-ealaíona áitiúla. Beidh an plean á fhorbairt mar chuid de fhráma tagartha eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha atá fairsing fadradharcach.

### Delivering the Plan

**The arts plan provides a five year framework for strategic action to be implemented by Sligo Arts Service on behalf of Sligo County Council in partnership with Sligo Borough Council, locally and the Arts Council, nationally. Each of the eight action strands will be supported by annual *Operational Plans* which will set out objectives and detail targets for work to be carried out. These objectives and targets will provide the basis for ongoing evaluation and review of work programmes.**

**The plan will be implemented at a number of levels some of which Sligo Arts Service will have direct responsibility for, such as information, advice and research strands, together with the allocation of all grant and award schemes. In other areas, however, delivery will involve working in partnership with other local authority departments, arts organisations and public agencies.**

**Responsibility for the implementation of the plan lies with the Arts Officer and the staff of Sligo Arts Department.**

### Feidhmiú an Phlean

Cuireann an plean nua creatlach cúig bliana ar fáil do Sheirbhís Ealaíona Shligigh go háitiúil thar ceann Comhairle Chontae Shligigh, i gcomhar le Comhairle Bhuirge Shligigh, agus ar bhonn náisiúnta leis an gComhairle Ealaíon. Déantar sainaithint sa chreatlach ar na gníomartha straitéiseacha ábhartha. Beidh mar bhonn le gach ceann de na ocht gcinn de ghníomhsnáitheanna Pleananna Oibriúcháin bliantúla a chuirfidh síos ar na cuspóirí agus ar na spriocanna oibre a bheidh le cur i gcrích. Bainfear leas as na cuspóirí agus as na spriocanna seo chun meastóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar ár gclár oibre.

Cuirfear an plean i bhfeidhm ag cúpla leibhéal. Beidh Seirbhís Ealaíona Shligigh freagrach as roinnt do na snáitheanna, faisnéis, comhairle agus taighde ina measc chomh maith le dáileadh ar dheontais agus ar dhuais-scéimeanna. I reimsí eile áfach, braithfidh feidhmiú ar chomhpháirtíocht le rannóga áitiúla eile, le eagrais ealaíona agus le gníomhaireachtaí poiblí.

Is iad an tOifigeach Ealaíona agus foireann Rannóg na nEalaíon i Sligeach a bheidh freagrach as an bplean a chur i bhfeidhm.





# Guiding Principles

## Gníomhréimsí

### Areas of Action

**Sligo Arts Service has identified eight areas of strategic action which set out the mission, actions and supports for that area. There is also an art-form reference section for ease of access.**

**In advancing these areas of strategic action work will be informed by the following guiding principles:**

**Sligo Arts Service and its work are located within the wider ambit of services provided by Sligo County Council and Sligo Borough Council and they reflect the values and principles of the Sligo Local Authorities SLA's Corporate Plan and the County Development Board's Strategy for integrated economic, social and cultural development.**

**The implementation of the new Arts Plan must take account of the capacity of the Sligo Arts Service and of its financial and other resources.**

**The Arts Plan values the distinctive contribution that artists make to society and the important contribution of local arts organisations in creating positive encounters between artists and the many publics who constitute the citizens of Sligo.**

**The plan recognises that individuals and organisations will act autonomously, values such independent action and will seek to support it when it aligns with the arts and wider policy goals of the SLA's.**

**The Arts Plan views and provides for the arts as a fundamental human endeavour. As such, Sligo Arts Service works for all citizens – of all ages, places, social backgrounds and economic circumstances – so they can participate in and enjoy the arts.**

**The new Arts Plan is a plan for the support and development of the arts in Sligo by Sligo County Council, acting independently and also with a range of players and partners, as joint-agents or as key-deliverers. Those partners might be within the SLA's, within the Sligo arts / culture sector, or within the wider social, community, or cultural sector, locally or nationally.**

**The Arts Plan will build upon the achievements and the learning emerging from the many actions undertaken by the Sligo Arts Service since 1997. It will pay particular attention to the mainstreaming of projects and developments initiated by Sligo arts service and requiring to exist independently.**

### Treoirphrionsabail

**Tá ocht gcinn de ghníomhréimsí straitéiseacha sainaitheanta ag Seirbhís Ealaíona Shligigh a leagann amach an misean, na beartais agus na tacaíochtaí i ngach réimse díobh. Chun rochtain a éascú tugtar chomh maith rannóg tagartha de na foirmeacha ealaíne faoi seach.**

**Is ar bhonn na dtreoirphrionsabal seo a leanas a chuirfear ar aghaidh na réimsí oibre straitéise:**

— Is cuid de raon leathan feidhme Chomhairle Chontae Shligigh agus Chomhairle Bhuirge Shligigh é Seirbhís Ealaíona Shligigh agus a cuid oibre. Léiríonn sí más ea luachanna agus prionsabail Phlean Chorparáideach Údáráis Áitiúla Shligigh agus straitéis Bhord Forbraíochta an Chontae i leith forbairt chomhtháithe eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha.

— Caithfidh feidhmiú an Phlean Nua Ealaíona cumas Sheirbhís Ealaíona Shligigh a chur san áireamh ó thaobh airgeadais agus acmhainní eile de.

— Tá meas ag an bPlean Ealaíona ar chion sainiúil ealaíontóirí i leith na sochaí agus ar thábhacht eagrais ealaíona áitiúla toisc na teagmhálacha dearfacha a chothaíonn siad idir ealaíontóirí agus pobail éagsúla Shligigh.

— Aithníonn an plean go bhfeidhmeoidh daoine aonaracha agus eagrais go neamhspléach. Tá meas ag an bPlean ar ghníomhartha neamhspléacha agus déanfar iarracht iad a thacú nuair a thagann siad le chéile le haidhmeanna ealaíona agus polasaithe eile Údáráis Áitiúla Shligigh.

— Tuigtear sa Phlean Ealaíona gur buntallann daonna iad na healaíona agus cuirfear ar fáil dóibh dá réir. Dá bhrí sin beidh Seirbhís Ealaíona Shligigh ag obair ar son gach uile shaoránach – is cuma aois, áitreamh, cúlra sóisialta nó eacnamaíoch – d'fhonn a rannpháirtíocht sna healaíona agus taitneamh acu astu.

— Is plean tacaíochta agus forbraíochta do na healaíona i Sligeach ó Chomhairle Chontae Shligigh é an Plean Ealaíona. Beidh siad ag feidhmiú go neamhspléach agus le raon comhpháirtíochtaí. Feidhmeoidh na páirtnéirí seo mar chomh-ghníomhairí nó mar fheidhmeannaigh lárnacha. D'fhéadfadh na páirtnéirí seo a bheith mar chuid de Údáráis Áitiúla Shligigh, nó mar cuid de rannóg na n-ealaíona nó cultúr i Sligeach. D'fhéadfaidís leis a bheith mar chuid de rannóga sóisialta, pobal nó cultúrtha go háitiúil nó go náisiúnta.

— Déanfaidh an Plean Ealaíona forbairt ar na héachtanna agus na ceachtanna a nochtaigh na gníomhartha éagsúla a thóg Seirbhís Ealaíona Shligigh ó 1997. Díreoidh sé go speisialta ar lársrúthú a dhéanamh ar na tionscnaimh agus na forbraíochtaí neamhspléacha a chur Seirbhís Ealaíona Shligigh tús leo.

**The new Arts Plan will place a (continued) premium on the role of Sligo Arts Service as an agent of strategic change and developmental action. To that end, the plan seeks to balance innovation and sustainability, as well as the measured application of resources to 'achieve a few things well'.**

**The new Arts Plan takes account of the wider cultural opportunities released by much current social and physical planning. In particular, the implementation of the National Spatial Strategy and of the new National Development Plan — in which Sligo is designated as a 'Gateway' city — informs the Arts Plan. The Arts Plan seeks to ensure that account is taken of the immense potential of the arts to make a distinctive contribution to the wider development of Sligo.**

— Beidh páirt Seirbhís Ealaíona Shligigh mar ghníomhaire do athraithe straitéise agus gnímh forbartha rí-thábhachtach go fóill sa Phlean Nua Ealaíona. Chun é sin a bhaint amach, féachfaidh an plean le nuálaíocht agus inbhuaine a chothromú, chomh maith le achmhainní a fheidhmiú go cúramach 'chun cúpla rud fiúntacha a bhaint amach.'

— Áiríonn an Plean Nua Ealaíona na deiseanna nua cultúrtha nochtaithe ag an bpleanáil reatha sna réimsí shóisialta agus fisiciúil. Déanann feidhmiú an Straitéis Spásúil Náisiúnta agus an Plean Forbraíochta Náisiúnta ach go háirithe – ina ainmnítear Sligeach mar chathair 'Bealach Isteach' – faisnéisiú ar an bPlean Ealaíona. Tá an Plean Ealaíona chun rí-iarracht a dhéanamh sárach-mhainneacht na healaíona dul i gcion ar fhorbairt Shligigh a chothú.





# Strand 1 Developing Arts, Culture and the Public Realm

## Snáithe 1 Forbairt Na hEalaíona, an Cultúr agus an Réimse Poiblí

**An exciting and increasingly important aspect of contemporary arts practice in Ireland is the presence of art in the public realm. This tradition is complimentary to provision for the arts in dedicated buildings e.g. theatres, galleries and concert halls.**

**Public Art has a particular significance in the integration of art in the public realm. The term public art is used to describe work created and produced by artists within the natural or built environment. Sligo's public art strategy aims to secure the highest levels of creativity and innovation in commissioning artists and to ensure integration by placing it within the planning and development process. It also focuses on the need to involve communities in schemes that re-animate or re-define their physical, social or cultural spaces.**

**In the Wider Cultural Agenda the designation of Sligo as a 'Gateway' City in the National Spatial Strategy ensures that Sligo will undergo unprecedented levels of new building, environmental improvement and infrastructural development. This level of development and regeneration offers enormous potential for collaboration between planners, developers, architects, urban designers and artists. It also creates opportunities to animate the public realm and enrich street life through book markets, outdoor exhibitions, festivals, carnivals, outdoor screenings, public art and performances. In this way the public can experience and enjoy the arts in streets, squares, parks, and other locations. These arts practices play a central role in uplifting and empowering local people; transforming how they feel, behave or interact with each other; celebrating identity, reinforcing sense of place; and developing active citizenship.
In short improving 'quality of life'.**

**The arts plan will seek to influence 'Gateway' developments in order to secure the distinctive contribution of the arts in the design and planning of the public realm.**

### PUBLIC ART PROGRAMME Policy & Strategy

**The policy of the Sligo Local Authorities is published in their public art plan Art Best Placed, 2004. The principles articulated in this plan will remain but the strategy will be updated on an ongoing basis in order to respond to new opportunities arising from Gateway and County development projects.**

**The public art policy of the Sligo Local Authorities will largely be delivered through the mechanism of the Per Cent for Art Scheme allocated by the Department of Heritage, the Environment & Local Government.**

**An ealaíon go feiceálach sa réimse poiblí, sin gné an-spreagthach de chleachtadh na n-ealaíona comhaimseartha agus gné atá ag dul i dtábhacht chomh maith. Déanann an gnás seo comhlánú ar an soláthar a déantar i bhfoirgnimh atá tiomnaithe do na healaíona, e.g. amharclanna, áiléirí agus ceolárais.**

**An Ealaíon Phoiblí, tá tábhacht ar leith léi maidir le comhtháthú na n-ealaíon sa réimse poiblí. Úsáidtear an téarma Ealaíon Phoiblí chun cur síos a dhéanamh ar obair a chruthaíonn ealaíontóirí mar chuid den timpeallacht nádúrtha nó tógtha. Is é straitéis Ealaíon Phoiblí Shligigh ná cruthaitheacht agus nuálacht den scoth a chothú in obair na n-ealaíontóirí ar a déantar coimisiúnú. Déantar comhtháthú ar an obair trína lonnú sa phróiseas pleanála agus forbraíochta. Maidir le scéimeanna a dhéanann athbheochan agus athmhíniú ar na spásanna fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha, deimhneoidh an straitéis seo go mbeidh na pobail ábhartha bainteach go dlúth leo.**

**Sa LeathanChlár Oibre Cultúrtha, cinnteoidh ainmniúchán Shligigh mar chathair 'Bealach Isteach' sa Straitéis Spásúil Náisiúnta go mbeidh ann leibhéil gan macasamhail den nuathógáil chomh maith le feabhsú comhshaoil agus forbraíocht bhonneagair. Tá sa leibhéal nua seo forbraíochta agus athnuachana mórdheiseanna chomhoibrithe idir pleanálaithe, forbróirí, ailtirí, dearthóirí uirbeacha agus ealaíontóirí. Ina theannta sin, soláthraítear deiseanna chun an réimse poiblí a athbheochan agus saol sráide na cathrach a shaibhriú le margaí leabhar, taispeántais faoin aeir, féiltí, feiseanna, scannáin faoin aeir, ealaíon phoiblí agus beoléirithe. Sa tslí seo, gheobhaidh an pobal taithí ar na h-ealaíona, agus taitneamh astu, ar na sráideanna, sna cearnóga, sna páirceanna agus in iliomad suíomh eile. Tá ról lárnach ag na cleachtais seo ealaíona chun an pobal áitiúil a chumasú agus ardú meanmna a thabhairt dóibh. Athraítear meon, idir mothúcháin, iompar agus idirghníomhaíocht le chéile. Déantar féiniúlacht a cheiliúradh. Treisítear ar an tuiscint don áit dhúchais agus déantar an tsaoránacht ghníomhach a chothú. Go hachomair, cuirtear feabhas nach beag ar 'cháilíocht na beatha'.**

*Tríd an bPlean Ealaíona, déanfar dícheall dul i bhfeidhm ar na forbraíochtaí de thoradh an ainmniúcháin 'Bealach Isteach' ionas go mbeidh tionchar sainiúil ag na healaíona ar dhearadh agus ar phleanáil an réimse phoiblí.*

### An Clár Ealaíona Poiblí Polasaí agus Straitéis

— Foilsíodh polasaí Údaráis Áitiúla Shligigh ina bplean don ealaíon phoiblí, Barr-Ionad don Ealaíon *(Art Best Placed)*, 2004. Fanfaidh na prionsabail ar ar cuireadh síos orthu sa phlean seo mar atá, ach déanfar uasdátú orthu go rialta chun déileáil le pé deiseanna nua a thiocfaidh as tionscnaimh fhorbraíochta an Chontae nó 'Bealach Isteach'.

## PUBLIC ART PROGRAMME Key Initiatives

**Develop 'public art' value and experience in the wider corporate environment of the Sligo Local Authorities through long-term planning with Directorates and Strategic Policy Committees: *Housing, Social, Cultural and Corporate Affairs, Infrastructural Services, Planning and Environmental Services, Community, Enterprise and the Arts, and Finance*.**

**Through the establishment of flexible operative systems work in an integrated and task orientated manner with key departments and schemes charged with the delivery of capital projects in the City and County: *Forward Planning, Roads, Water Services, Parks and Open Spaces, Housing, Regeneration, Urban Renewal, Village Renewal, Procurement/ Public Private Partnerships*. There are a number of other Council departments who have a role to play and with whom Sligo Arts Service will collaborate, namely, the Heritage Office and Environmental Services.**

**Develop a Public Art Information & Communications Strategy** *(see Strand 8)*.

**Develop new targeted commissioning strands under the Per Cent for art scheme e.g.**
a) test models of engagement for young people in the public realm *(see Strand 6)*.
b) devise a public sculpture programme; an important element of this programme will be the development of an award/event to honour the late Sligo sculptor, Fred Conlon.

## The Wider Cultural Agenda Sligo's Designation as a 'Gateway' City

**Sligo has been designated as a Gateway City under the National Spatial Strategy (NSS). As the national planning framework for Ireland for the next 20 years the NSS aims to achieve a better balance of social, economic and physical development across Ireland, supported by more effective planning. Within this context Sligo is recognised as having the potential to build scale and critical mass to drive development in the North West. The approach is to make the region competitive according to its strengths while ensuring a high quality urban environment and vibrant rural areas.**

*The idea of Gateway cities as drivers of national and regional growth and as a means of promoting more balanced regional development was formally introduced into Irish policy in the 2000–2006 National Development Plan NDP (1999), and expanded upon in the National Spatial Strategy NSS (2002). Gateways are identified as having a "strategic location, nationally and relative to their surrounding areas, and providing national scale social, economic and support services." Research and interviews with Council Managers for the report 'Implementing the NNS: Gateways Investment Priorities Study' (2006) emphasised the importance alongside infrastructure, 'of 'soft' issues including marketing, innovation and culture'. Locally,*

— Déanfar polasaí na n-ealaíona poiblí a fheidhmiú den chuid is mó tríd an Scéim Céatadán ar Ealaíona a dháilfidh an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais.

### Tionscnaimh Lárnacha

— Meas agus taithí ar ealaíon phoiblí a fhorbairt i dtimpeallacht chorporáideach Údáráis Áitiúla Shligigh trí phleanáil fadtéarmach leis na Stiúrthóireachtaí agus na Coistí um Phleanáil Straitéiseach: *Tithíocht, Gnóthaí Sóisialta Cultúrtha agus Corporáideacha, Seirbhísí um Bhonneagar, Seirbhísí Pleanála agus Timpeallachta, An Pobal, Fiontar agus na hEalaíona agus Airgeadais.*

— Cláracha oibre solúbhtha a bhunú a fheidhmeoidh ar bhealach comhtháite ar thionscnaimh áirithe le rannóga agus le scéimeanna a bhfuil de chúram orthu tionscnaimh caipitiúla a sholáthar sa chathair agus sa chontae: *Pleanáil ar Aghaidh, Bóithre, Seirbhísí Uisce, Páirceanna agus Spásanna Oscailte, Tithíocht, Atógáil,Athnuachan Uirbeach, Athnuachan Bailte, Soláthar/Páirtnéireachtaí Poiblí Príobháideach. Tá ról chomh maith ag ranna eile sa Chomhairle agus moltar dlúth-chomhoibriú leo, Oifig na hOidhreachta agus Seirbhísí Comhshaoil ach go háirithe.*

— Straitéis Faisnéise agus Cumarsáide don Ealaíon Phoiblí a fhorbairt, *feic snáithe 8.*

— Sprioc-snáitheanna nua sa choimisiúnú a fhorbairt faoin Scéim Céatadán ar Ealaíona m.sh.
*a) eiseamláracha nua idirghabhála a thástáil do dhaoine. óga sa réimse poiblí, feic Snáithe 6.*
*b) clár nua a fhorbairt don dealbhóireacht phoiblí; beidhforbairt ar dhuais ócáid an onóir an dealbhóra, Fred Conlon, nach maireann ina eilímint thábhachtach den chlár seo.*

### An Leathan-Chlár Oibre Cultúrtha Ainmniúchán Shligigh mar Chathair 'Bealach Isteach'

Tá Sligeach ainmnithe mar chathair 'Bealach Isteach' faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta (SSN nó NSS). Don bhfiche bliain amach romhainn is é an SSN a bheidh ina phríomh-ghléasra pleanála d'Éirinn. Is é cuspóir an SSN cothromaíocht níos fearr a ghnóthú trasna na tíre sa bhforbraíocht shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil. Sa chomhthéacs seo, aithinítear an cumas atá ag Sligeach an scála agus an toirt chriticiúil a fhorbairt d'fhonn forás an Iar-Thuaiscirt a sháitheadh chun cinn. Trí neart an réigiúin a úsáid, forbrófar cumas iomaíochta maille le sárthimpeallacht uirbeach agus réimsí beo tuaithe.

Mar chuid de pholasaí na hÉireann 2000–2006, faoi scáth an Phlean Náisiúnta Forbraíochta (1999), cuireadh ar aghaidh an tuairim go mbeadh cathracha áirithe ainmnithe mar 'Bhealaigh Isteach'. Ba é ba bhun leis an moladh go dtiomáinfeadh na cathracha ainmnithe seo chun cinn an forás náisiúnta agus réigiúnach agus go gcothóidís forbraíocht réigiúnach níos cothroime trasna na tíre. Déanadh forbairt bhreise sa Straitéis Spásúil Náisiúnta (2002) ar an mbunmholadh seo. Déantar sainaithint ar chathracha 'Bealach Isteach' mar ionaid a bhfuil acu 'suíomh straitéiseach, go náisiúnta agus i





*the 'Integrated Economic, Social and Cultural Strategy for County Sligo 2002–2012' (2002) provides a policy and planning framework for addressing cultural development and more recently the County Development Board in their 'Action Plan for Economic, Social and Cultural Development' (2006) have committed to "investigating the potential of branding Sligo as a Cultural Gateway City building on its unique cultural resources to promote social and economic development."*

**Sligo Arts Service will seek to build its influence with local authority directorates, relevant departments and agencies around key named development projects as follows: *Cultural Quarter specifically the Civic Plaza; Harbour Regeneration and the wider public realm; Urban Enhancement Programme and the creation of new public spaces*, so that the distinctive contribution of the arts and culture is provided for.**

***In this regard;***

**A new fund will be established to invite artists to develop ideas for possible artistic interventions in the three named projects detailed terms of reference will be published by Sligo Arts Service and available in 2008.**

**A talks programme exploring planned cultural developments and broader cultural planning themes for Sligo will be developed in partnership with relevant organisations such as Institute of Technology Sligo and the Model Arts::Niland Gallery.**

**In planning for the aforementioned projects Sligo Borough Council could allow for the expansion of the public realm in the city and the creation of dedicated outdoor performance facilities.**

**In addition to residential, retail and recreational facilities planning should make provision for cultural facilities which can add considerable texture to the physical and social fabric of new mixed use urban developments e.g. artists studios.**

**Financial provision and support could also be allocated by Sligo Borough Council for small scale interventions and animations of public space by artists through to large scale spectacle and events building on an existing tradition and the particular skill base in Sligo.**

gcoibhneas lena dtimpeallacht, agus a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta, tacaíochta agus eacnamaíoch ar scála náisúnta'. Chomh maith le béim a chur ar an mbonneagar, cuireadh béim ar leith ar cheisteanna 'boga' mar margaíocht, nuálacht agus cultúr, sa taighde agus sna hagallaimh a tharla le Bainisteoirí Contae don tuairisc 'Feidhmiú an SSN: Tuairisc ar Thosaíochtaí san Infheistiú do chathracha  Bealach Isteach'.

Ar bhonn logánta, soláthraítear sa 'Straitéis Comhtháite Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha do Chontae Sligeach 2002–2012' (2002) polasaí agus clár oibre pleanála chun dul i ngleic leis an bhforbraíocht chultúrtha. Le déanaí, sa 'Ghníomhphlean don Fhorbraíocht Eacnamaíoch Shóisialta agus Chultúrtha' (2006) acu, léirigh Bord Forbraíochta an Chontae a gcoimitmint mar atá leanas, "an dóchúlacht a scrúdú maidir le brandáil Shligigh mar Bhealach Isteach Cultúrtha, bunaithe ar fhorbairt a sainacmhainní cultúrtha d'fhonn forbraíocht shóisialta agus eacnamaíoch a chothú."

